Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

22 Deireadh Fomhair 2020

AN tOIREACHTAS AR LÍNE

Ní bheidh an tOireachtas beo againn i mBóthar na Trá i mbliana ach ní bheidh muid gan Oireachtas! Tá clár breá curtha i dtoll a chéile ag an Oireachtas agus a chairde agus neart ábhair idir amhráin, ceol, damhsa, agallamha, luibíní, scéalaíocht, filíocht, scannáin, bronnadh gradaim, fógairt duaiseanna, seoltaí leabhar, aitheascanna agus cainteanna i ndán dúinn ón Aoine an 23 Deireadh Fómhair go Domhnach 1 Samhain. Guíonn muid chuile rath ar an bhFéile agus ar an Ollamh Gearóid Denvir, Uachtarán an Oireachtais, fear a bhfuil cónaí air i gCois Fharraige. Coinnigí súil ar an suíomh: www.antoireachtas.ie le haghaidh breis eolais.

An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

CUIMHNEACHÁN BUAN AR MHÁIRTÍN Ó CADHAIN.

Chuir Iontaobhas Uí Chadhain tús le feachtas bailithe airgid ar an 18 Deireadh Fómhair, leathchéad bliain go díreach ó bhásaigh Máirtín Ó Cadhain le cuimhneachán buan ar an bpearsa mór Gaeltachta a lonnú ina áit dúchais. Tá tionscadail chuimhneacháin á bhforbairt ag an Iontaobhas le cúpla bliain anuas: dealbh lánmhéide chré-umha den Chadhnach ar an Airdín Buí taobh thoir den Spidéal, fothracha áit bhreithe an Chadhnaigh ar an gCnocán Glas a shlánú agus ionad cuartaíochta a thógáil ann agus Ionad d'ealaíontóirí a bheartú agus a fhorbairt. Tá cuntas faoi leith oscailte don mhaoiniú seo i mBanc Aontas Éireann atá lonnaithe sa Spidéal, is féidir seic a sheoladh agus is féidir síntiúis a thabhairt ar líne. Is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh idirlín: www.máirtínó cadhain.ie le tuilleadh eolais a fháil faoin iontabhas.

BISEACH 2020 & BISEACH AR LÍNE!

Seoladh eagrán na bliana seo de *Biseach* ar Iris Aniar ar an Déardaoin 22 DF. Iris shlachtmhar 100 leathanach atá ann le hábhair spéisiúla, ilchineálacha mar aon le neart pictiúir atá ann. Tá roinnt altanna ann faoi imeachtaí stairiúla a tharla sa gceantar céad bliain ó shin in aimsir na mBlack and Tans mar aon le haltanna breátha eile. Tá fáil air i siopaí an cheantair nó seolfaidh Cló Iar Chonnacht amach chugat é ach glaoch orthu ag 091-593307. Comhghairdeachas le **Cumann Forbartha Chois Fharraige** agus le Seosamh Ó Braonáin, eagarthóir na hirise. Tá deis anois teacht ar iarchóipeanna de *Bhiseach* ar líne. Is mór an áis go bhfuil teacht anois ar an ábhar seo a thugann léargas ar shaibhreas cultúrtha, liteartha, staire agus socheolaíochta gan trácht ar acmhainn teanga Chois Fharraige. Tá na hiar chóipeanna ar fáil ag www.cartlann.ie



CAIFÉ CULTÚIR

Diarmuid Ó Mathúna, ó Neighbourfood an Tulach, a bheas mar aoichainteoir ag an gCaifé Cultúir an mhí seo. Beidh an ócáid fhíorúil á óstáil ar Zúm, ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Déardaoin 29 Deireadh Fómhair @ 11 Clárú le Katie ag 083 010 6294. Nó ar ár gcuntas Facebook.



COMÓRTAS AR BHLADHAIRE!

Fógraíodh tamall ó shin nach mbeadh féile an Oireachtais ar siúl i mbliana. Ach, tá iarracht déanta ag an gclár Bladhaire, ar Raidió na Gaeltachta an bearna seo a líonadh. Tá comórtas cumadóireachta, leis an téama; Oireachtas na Gaeilge, á reáchtáil ag an gclár. Píosa filíochta nó amhrán, dhá véarsa ar fhad, ar a mhéad atá ag teastáil. Iarrtar iarratais a sheoladh ar WhatsApp 087 3435 000 nó chuig bladhaire@rte.ie. Spriocdháta: 27 Deireadh Fómhair @ 5i.n.

COMÓRTAS GRIANGHRAFADÓIREACHTA

Beidh Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag glacadh le grianghraif suas go dtí Dé hAoine 23 DF dá gcomórtas grianghrafadóireachta. 'Mo Cheantar' atá mar théama an chomórtais. Is féidir grianghraif a sheoladh chuig feilirecccccteo@gmail.com Úsáidtear na grianghraif a éiríonn leo i bhféilire 2020.

Comhar Creidmheasa Cholm Cille
w: ccholmcille.ie
f: 091 593421